# RIALACHÁN (AE) 2021/1376 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 Lúnasa 2021**

**lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh péirsí mara i limistéar NAFO 3M i gcás soithí faoi bhratach Bhallstáit den Aontas Eorpach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2021.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2021 ídithe ag gabhálacha an stoic péirsí mara i limistéar NAFO 3M a rinne soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó soithí atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí iascaireachta dírithe a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a chionroinntear ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcomhair an stoic péirsí mara i limistéar NAFO 3M le haghaidh 2021 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta dírithe a bhaineann leis an stoc dá dtagraítear in Airteagal 1, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó soithí atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
John DALLI
*Comhalta den Choimisiún*

---

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

*IARSCRÍBHINN*

| | |
|---|---|
| Uimh. | 14/TQ92 |
| BALLSTÁT | **An tAontas Eorpach (Na Ballstáit uile)** |
| STOC | **RED/N3M.** |
| SPEICEAS | **An phéirse mhara (*Sebastes* spp.)** |
| LIMISTÉAR | **NAFO 3M** |
| TRÉIMHSE CHOISCTHE | **An 24 Iúil 2021 ar 24.00 AUL** |